Beidh sé mar aidhm againn pobail inbhuanaithe, ionchuimsitheacha, agus rannpháirteacha a chothú agus dúil a spreagadh sa léitheoireacht, san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus san oidhreacht chultúrtha.



Réamheolas:

Tá Seirbhís Leabharlaine Chomhairle Contae Chill Chainnigh ag croílár ár bpobal ar fud an chontae.

Táimid tiomanta do rochtain ar raon éagsúil seirbhísí agus acmhainní a chur ar fáil do chách, agus do spás sábháilte, iontaofa agus daonlathach a chur ar fáil ina bhfuil daoine in ann faisnéis, nuáil, comhoibriú, foghlaim agus cultúr a ghlacadh chucu féin.

Leanaimid le heispéireas saibhriúcháin a chur ar fáil, agus cláreagrú agus imeachtaí inrochtana á gcinntiú do chách, ag obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha ár bpobal.

Sa phlean seo, aithnítear an ról tábhachtach atá ag leabharlanna maidir le cáilíocht na beatha a fheabhsú do shaoránaigh i gCill Chainnigh.

Luachanna:



Sábháilte
& iontaofa



Rannpháirteachtas
Pobail



Inrochtaineacht



Ionchuimsitheacht



Inbhuanaitheacht



Comhroinnt
Eolais

Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

Is pobal bríomhar, saoránach-lárnach é Contae Chill Chainnigh, ina bhfuil daonra 104,160 duine. As an líon sin, tá 74% acu lonnaithe i láithreacha tuaithe, agus dá bhrí sin tá ról tábhachtach ag ár leabharlanna maidir le rochtain chothrom a chur ar fáil do chách.

Tá cáil agus clú ar Chill Chainnigh de bharr na hoidhreacht nádúrtha agus na hailtireachta stairiúla dá chuid. Is Cathair Mheánaoiseach é a bhfuil ainm amuigh air as a thurasóireacht, as a chuid féilte agus as a shaol cultúrtha spleodrach, agus tá sé ainmnithe mar Chathair Ceardaíochta Domhanda ag an gComhairle Ceardaíochta Domhanda. Tacaíonn Cill Chainnigh le cuideachtaí dinimiciúla, nuálacha agus tá sé tiomanta do sheasmhacht agus inbhuanaitheacht a chothú ar fud earnálacha uile.

Is mol ríthábhachtach í Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh sa phobal, a chuireann raon leathan seirbhísí agus clár ar fáil atá deartha chun freastal ar riachtanais éagsúla ár n-úsáideoirí leabharlainne. Cuirimid seirbhís ar fáil don chontae trí líonra leabharlann sna háiteanna a leanas: Callainn, Caisleán an Chomair, Port an Chalaigh, Gráig na Manach, an Loch Buí, Mayfair, Baile Mhic Andáin, Áth na nUrlainn, agus trí Staidéar Áitiúil agus leabharlann taistil, le tacaíocht ó Cheanncheathrú Leabharlainne riaracháin.



Láithreacha na Leabharlann:

Leabharlann Taistil

Taistealaíonn ár seirbhís leabharlainne taistil fud fad an chontae.

1. Leabharlann Challainn

Bóthar Chluain Meala, Callainn R95 TW10

2. Leabharlann Chaisleán an Chomair

Sráid Chill Chainnigh, Caisleán an Chomair R95 AH33

3. Leabharlann Phort an Chalaigh

Ionad Siopadóireachta Phort an Chalaigh, Port Láirge X91 D211

4. Leabharlann Ghráig na Manach

Bóthar an Chlochair, Gráig na Manach R95 V342

5. Leabharlann an Locha Bhuí

Ionad Siopadóireachta an Locha Buí, Bóthar Phort Láirge, Cill Chainnigh R95 TD71

6. Leabharlann Mayfair

Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh R95 N23R

7. Leabharlann Bhaile Mhic Andáin

Riasca Naomh Tomás, Baile Mhic Andáin R95 HP26

8. Leabharlann Áth na nUrlainn

Teach na Cúirte, Áth na nUrlainn E41 A2X4

9. An Ceanncheathrú Leabharlainne / Staidéar Áitiúil

Teach Fhaiche Eoin, Faiche Eoin, Cill Chainnigh, R95 YH61

Bunaíodh ár seirbhís i 1923 agus leathnaíodh í go suntasach mar fhreagairt ar riachtanais an úsáideora leabharlainne chomhaimseartha a bhíonn ag athrú i rith an ama. Cuireadh tús lenár seirbhís leabharlainne taistil i 1972 agus anois stadann sí ag níos mó ná 70 stad ar fud an chontae -idir phobail agus scoileanna agus lonaid na Luathfhoghlama agus tithe altranais. Téann ár seirbhís níos faide ná ballaí na leabharlainne, trí chláir for-rochtana chuig pobail agus láithreacha tuaithe. Trínár suíomh gréasáin cuirtear rochtain ar fáil ar shraith acmhainní digiteacha a bhíonn ar fáil 24/7. Tá Mo Leabharlann Oscailte ar fáil i gCaisleán an Chomair, agus tá sé beartaithe an tseirbhís sin a leathnú thar shaolré na straitéise seo.



Tá ár bhfoireann ina cuid dhílis dar seirbhís rathúil agus tá baint aici le gach gné d'fhorbairt leabharlainne idir phleanáil straitéiseach agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Trí oiliúint leanúnach agus uasoiliúint, cinntimid go ndéantar ár seirbhísí agus ár gcláir a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais ár n-úsáideoirí leabharlainne a bhíonn ag forbairt, agus eispéireas dearfach seirbhíse a chinntiú don chustaiméir.



Ár gContae

Sna figiúirí ó Dhaonáireamh 2022, cuirtear sonraí ar fáil maidir le déimeagrafaic áitiúil, dálaí socheacnamaíocha, agus treochtaí fostaíochta, rud a chuireann ar ár gcumas seirbhísí, cláir, agus iarrachtaí for-rochtana a shaincheapadh chun riachtanais ar leith na ndaonraí agus na bpobal lena dtacaímid a léiriú. Tríd an gcur chuige fianaisebhunaithe sin cinntítear go mbeimid fós ionchuimsitheach, freagrúil, agus ábhartha - agus ár ról á neartú mar spás pobail bunriachtanach ar fud an chontae.

Daonra Chill Chainnigh: **104,160**

Daonra Tuaithe/Uirbeach:

74% Daonra Tuaithe **26%** Daonra Uirbeach



52,227



51,883

Páistí 15 Bliana nó Níos Óige: **21,094**

Níos sine ná 65: **17,056**

Rannpháirteachas Leabharlainne 2018-2024

Rudaí a Fuarthas ar lasacht: **2,127,715**

Cuairteoirí: **1,343,932**



Méadaíodh líon na mball faoi **79%**

Méadú **362%** ar úsáid Ríomhleabhar agus Ríomh-chlosleabhar




Cuirtear faisnéis shoiléir ar fáil sna staitisticí rannpháirteachais leabharlainne ar an dóigh a dtacaímid lenár bpobail agus a dtugaimid freagairt dóibh. Trí anailís a rinne ár bhfoireann, taispeántar patrúin in úsáid na seirbhíse, i rannpháirtíocht i gcláir, agus in éilimh ar acmhainní, rud atá ina chuidiú linn dul in oiriúint le riachtanais áitiúla. Dírítear aird leo freisin ar rannchuidiú níos leithne na seirbhísí leabharlainne le folláine an phobail - an t-oideachas a chur chun cinn, ionchuimsiú digiteach a spreagadh, comhcheangailteacht shóisialta a chothú, agus rochtain ar fhaisnéis a chinntiú.

Ár nAistear chuig an bPointe seo

Lenár bplean forbartha nua déanfar forbairt ar an dul chun cinn nach beag a rinneamar faoinár bplean roimhe seo - Straitéis Chultúrtha Chomhairle Contae Chill Chainnigh um Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna. Ó 2018 i leith, leanamar ag forbairt agus ag feabhsú, agus le freagairt a dhéanamh ar riachtanais ár bpobal a bhíonn ag forbairt.

Osclaíodh Leabharlann Mayfair an 24 Aibreán 2024, agus fuarthas níos mó ná 100,000 rud ar iasacht, thug níos mó ná 129,000 duine cuairt uirthi, agus d'fhreastail níos mó ná 13,000 duine ar imeachtaí agus ar cheardlanna a bhí ar siúl in 2024. Agus Bálseomra Mayfair lonnaithe inti roimhe seo, bunathraíodh an leabharlann ina spás leabharlainne de mhéid 1,800 méadar cearnach thar dhá urlár, ina bhfuil suíochánra compordach agus limistéir bhrabhsála, spás taispeántais tiomanta don phobal, cláreagrú agus imeachtaí ar feadh na bliana, rochtain phoiblí ar an idirlíon, áiseanna priontála agus scanta, spás do dhéantóirí le priontáil agus scanadh 3T, meaisíní fuála agus níos mó rudaí eile.





Ba bhunathrú suntasach é ár mbunathrú digiteach, trína ndearnadh inrochtaineacht a fheabhsú do chách. D'fhorbraíomar sraith leathan de sheirbhísí agus acmhainní ar líne a bhíonn ar fáil am ar bith, áit ar bith, idir Ríomhleabhair agus Ríomh-nuachtáin, Ríomh-theangacha agus cúrsaí ar líne agus níos mó rudaí nach iad. Sa bhreis ar na seirbhísí ar líne dár gcuid, chuireamar feabhas ar an dóigh a dtacaímid le riachtanais ár bpobail, trí na nithe a leanas a thabhairt isteach: printéirí 3T, teicneolaíocht tábla draíochta, pinn léitheora, áis iasachta ríomhairí glúine, ceadúnais litearthachta agus códaithe, feidhmchlár leabharlainne, agus club leabhar fíorúil.

Cuireadh tús le Mo Leabharlann Oscailte i Leabharlann Chaisleán an Comair in 2019, agus cuireadh rochtain fhéinfhreastail shínte ar fáil do bhaill na leabharlainne le linn uaireanta nuair nach mbíonn foireann i láthair. Cuirtear an tseirbhís ar fáil seacht lá sa tseachtain, 365 lá in aghaidh na bliana, ó 8.00rn - 10.00in.

Rinneadh Deich mBliana na gCuimhneachán a cheiliúradh le sraith léachtaí, podchraoltaí agus imeachtaí trína ndearnadh rannpháirtíocht i mór-imeachtaí stairiúla a cheiliúradh. Forbraíodh leabhrán faisnéise do dhaltaí bunscoileanna faoi imeachtaí ábhartha a tharla i gCill Chainnigh i rith na tréimhse sin. Scaipeadh 1,000 cóip chuig scoileanna uile ar fud an chontae.

Tá baint ghníomhach againn le tionscnaimh a bhaineann leis an aeráid, agus tacair coigilte fuinnimh agus tacair Eolaíochta do Shaoránaigh á gcur ar fáil, agus clinicí coigilte fuinnimh, cláir oideachasúla agus imeachtaí á n-eagrú maidir le hinbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, an geilleagar ciorclach agus feasacht ar an aeráid.



Ag Forbairt agus ag Athdhearadh

Thar shaolré an phlean roimhe seo, rinneamar ár modhanna oibre a athdhearadh chun leanúint le freastal ar an bpobal le solúbthacht agus le nuáil, ag tacú leo siúd is mó a dteastaigh muid uathu. Díríodh aird le paidéim COVID-19 ar thábhacht na leabharlann poiblí inár bpobail agus ar an meas atá orthu.

Agus roghanna teoranta againn maidir le soláthar seirbhísí, rinneamar samhlacha soláthair nua a dhearadh a cuireadh in oiriúint do thréimhsí éagsúla na srianta -idir sheirbhís ó dhoras go doras do dhaoine níos sine ná 65 bliana agus “Teagmháil agus Bailigh”, agus “Cuir in Áirithint agus Brabhsáil”. Trí infheistíocht nach beag i seirbhísí digiteacha cinntíodh go raibh rochtain ar réimse digiteach níos leithne acu siúd a bhí ar a gcompord le teicneolaíocht.

Agus go leor ball dár bhfoireann ag tacú le líne chabhrach Chomhairle Phobail Chomhairle Contae Chill Chainnigh atá lonnaithe i Leabharlann an Locha Bhuí agus le seirbhís rianaithe teagmhála an FSS, bhí ról lárnach againn san fheachtas náisiúnta Coinnigh Slán. Thugamar seirbhís seachadta ó dhoras go doras isteach freisin, mar aon le seirbhís saor in aisce Scéal ar Glaoch le bailiúcháin scéalta le scríbhneoirí áitiúla arna léamh ag an bhfoireann leabharlainne, thugamar tacair síolta amach, d’óstálamar amanna scéalaíochta agus imeachtaí ar líne, agus thugamar clár ambasadóirí digiteacha Aoisbhá Éireann isteach. Rith ár bhfeachtas Soilsigh do chuid Oícheanta ar feadh an Gheimhridh lenár áiríodh dúshlán léitheoireachta an Gheimhridh, sraith ceardlann ar líne do gach aois, agus pacáí ceardaíochta na Nollag arna seachadadh lenár seirbhís ó dhoras go doras.

Áirítear le coigeartuithe a rinneadh ar ár gcleachtais oibre agus ar an tsamhail soláthair seirbhísí a rinneamar a choimeád tar éis na tréimhse sin custaiméirí digiteacha amháin, soláthar hibrideach cláreagraithe, béim mhéadaithe ar litearthacht dhigiteach agus spásanna sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil. Trí na bearta uile sin díríodh aird ar phróifíl na seirbhíse leabharlainne, agus feabhsaíodh agus neartaíodh réimse na nithe a chuirimid ar fáil don phobal.



Comhairliúchán agus Modheolaíocht

Rinneadh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le:

4 Cheardlann



Suirbhé Poiblí

394 fhreagairt

Scoileanna, Ionaid na Luathfhoghlama agus páirtithe leasmhara eile:

32 fhreagairt

I gcomhairliúchán le:

Lucht Bainistíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh, comhaltaí tofa agus Coistí Beartais Straitéisigh

Déantar ár bplean forbartha a threorú ag roinnt príomhdhoiciméad trína ndéantar ár gcuispóirí agus ár mbearta a stiúradh. Áirítear leo sin:



Láidreachtaí:



Imeachtaí
Foghlaim
Saor in aisce
Inoiriúnaitheacht
Stair Áitiúil
Ceangail Phobail
Éagsúil
Spásanna Fáilteacha
Áitiúil
Iontaofa
Teicneolaíocht
An Fhoireann
Comhoibriú
Dírthe ar an gcustaiméir
Foirgnimh

Laigí:



Maoiniú
Spásanna staidéir teoranta
Suíomh gréasáin
Páirceáil
Coinneáil foirne
Rannpháirteachas déagóirí
Teagmháil le neamh-úsáideoirí
Easpa stoicSrianta ar spás
Uaireanta Oscailte Teoranta



Bunathrú Digiteach:

An gá leanúnach le dul in oiriúint do theicneolaíochtaí digiteacha nua agus do chinn a thagann chun cinn d'fhonn rochtain a fheabhsú ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí.

Príomhthreochtaí

Leis na treochtaí sin, léirítear ról na leabharlann atá ag forbairt i saol dinimiciúil, agus béim á leagan ar a dtábhacht mar mhoil eolais, foghlama, agus tacaíochta don phobal.



Inbhuanaitheacht:

Cleachtais inbhuanaithe agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú laistigh de leabharlanna, lena n-áirítear foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh, bainistíocht acmhainní inbhuanaithe, feachtas a chur chun cinn i leith an chomhshaoil agus cláreagrú..



Cothromas agus Ionchuimsiú:

Tá leabharlanna ag díriú ar rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí do bhaill uile an phobail, lena n-áirítear daonraí imeallaithe agus daonraí nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu.



Scileanna don Saol:

Tá ról rithabhachtach ag leabharlanna go fóill maidir le tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim, do scileanna agus don oideachas, agus cláir agus acmhainní á gcur ar fáil acu do gach aoisghrúpa.



Rannpháirteachas Pobail:

Tá leabharlanna ag eirí níos dírithe ar phobail, agus iad ag cur spásanna sábháilte ar fáil don fhóillíocht, don obair agus do staidéar mar aon le cláir lena gcuirtear rannpháirteachas pobail, ionchuimsitheacht, seasmhacht agus comhtháthú sóisialta chun cinn.

Buaicphointí an tSuirbhé

51.4%

Leabhair nó nithe eile a fháil ar iasacht

18.5%

Freastal ar imeachtaí

7.5%

Priontáil/Scanadh

7%

Mar spás sóisialta

6.6%

Brabhsáil

4.9%

Staidéar a dhéanamh

4.2%

Ríomhairí/Wi-Fi a úsáid

“Bhain mé sult as gach leabhar a thug tú dom; tá sé níos fearr ná siopadóir pearsanta a bheith agam i Brown Thomas”

– Teistiméireacht ó iasachtaí

Cad iad do phríomhchúiseanna leis an leabharlann a úsáid?



“Tá mé an-tugtha do na closleabhair de do chuid; bhínn uaigneach, ach anois tá go leor le déanamh agam sna hoícheanta”

– Ball Leabharlainne

Cé chomh maith agus a fhreastalaíonn an leabharlann a úsáideann tú ar do chuid riachtanas?



50% Go sármhaith

27% Go han-mhaith

19% Maith go leor

3% Níl sé Rómhaith

1% Ar chor ar bith

38%

Easpa ama

28%

Neamhchinnte faoin méid atá ar fáil

18%

Láthair

8%

Ní léim mórán

6%

Spéis ar bith agam

Na príomhchúiseanna gan an leabharlann a úsáid?

Cad iad na rudaí is fiúntaí duit faoin leabharlann?

77%

Acmhainn Luachmhar
don Phobal

22.4%

Is deas é go bhfuil
sí sa phobal

0.6%

Ní bhaineann sé liom

**“Is é an t-atmaisféar agus
an siosarnach ciúin a bhíonn
ann agus daoine ag léamh, ag
staidéar, nó go simplí ag baint
sult as an leabharlann an fáth
a bhfuil sí ina háis iontach le
haghaidh scríbhneoireachta
agus taighde”**

– Úsáideoir Leabharlainne

HISTORY

**“Is é an rud is fearr
a rinne mé riamh ná
ballraíocht a ghlacadh
sa leabharlann”**

– Aiseolas ó scríbhneoir leabharlainne



Ár Straitéis

Forbraítear ár straitéis d'fhonn a chinntiú go mbeidh an plean inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus freagrúil do riachtanais an phobail.

Eispéireas Úsáideoirí

Daoine a chur ag croílár gach ní a dhéanaimid trí chur chuige bunaithe ar an úsáideoir a ghlacadh maidir le forbairt oibríochtaí, seirbhísí agus clár.

1. Brainsí nua-aimseartha na leabharlainne a chur chun cinn i mBaile Mhic Andáin agus i gCallainn.
2. Leabharlann Carnegie a athúsáid agus a chur in oiriúint arís mar sheirbhís Staidéir Áitiúil ar a bhfuil rochtain ag an bpobal.
3. A chinntiú go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais áitiúla trí na nithe a leanas a dhéanamh:
 - a. Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar ár mbeartas forbartha bailiúcháin.
 - b. Rochtain a chinntiú ar bhailiúcháin ardchaighdeán, ábhartha acmhainní, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, fisiceacha agus staire áitiúla ar fud formáidí uile.
 - c. Margaíocht a fheabhsú, ag spriocdhíriú orthu siúd nach bhfuil ar an eolas faoinár n-acmhainní, agus orthu siúd nach bhfuil feasach fós ar ár luach.
 - d. Iarracht a dhéanamh ár mbuiséad le haghaidh leabhar a mhéadú bliain ar bhliain, agus an cuspóir againn an sprioc-chaiteachas náisiúnta de €4 do gach duine den daonra a bhaint amach le linn shaolré an phlean seo.
5. Ár n-oibríochtaí a mheasúnú chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le riachtanais ár bpobal áitiúil nuair a bhíonn sé indéanta, agus buaic-amanna úsáideora, infhaighteacht foirne agus Mo Leabharlann Oscailte á gcur san áireamh.
6. Infheistíocht i veain nua don leabharlann taistil. Bealaí agus úsáid na leabharlainne taistil a mheasúnú agus a athbhreithniú go rialta.
7. Na spásanna, seirbhísí, scileanna agus próisis dár gcuid a mheasúnú agus a athbhreithniú, chun a chinntiú go ndéanaimid forbairt agus athdhearadh chun freastal ar riachtanais úsáideoirí amach anseo.
8. Feidhmíocht a athbhreithniú agus seirbhísí agus acmhainní atá ar fáil a bharrfheabhsú trí chuíchóiriú agus trí athstruchtúrú d'fhonn éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus rannpháirteachas pobail a fheabhsú ar fud na seirbhíse.



Comhcheangailteacht Phobail agus Rannpháirteachas Cultúrtha

Rannpháirteachas fiúntach um shaoránaigh agus cultúr agus rannpháirtíocht a fhorbairt agus a spreagadh, chun spásanna a chur ar fáil ionas gur féidir le daoine ceangal a dhéanamh, páirt a ghlacadh agus comhroinnt le chéile.

1. Ballraíocht agus úsáideoirí a mhéadú agus feachtais spriocdhírithe ballraíochta agus cláreagrú agus promóisin atá freagrúil agus dinimiciúil á n-úsáid
2. Agus leas á bhaint as for-rochtain spriocdhírithe, clareagrú, cur chun cinn agus digitíú, déanfaimid raon ár mbailiúchán agus ár n-acmhainní a shíneadh.
3. Dul chun cinn a dhéanamh maidir le cartlannaí a fhostú do Chill Chainnigh agus obair a dhéanamh i dtreo plean cartlainne láidir a chur i bhfeidhm agus áitreabh oiriúnach a aimsiú.
4. Ár mbailiúcháin theanga a fhorbairt lena n-áirítear an Ghaeilge agus teangacha eile, bunaithe ar riachtanas áitiúil aitheanta.
5. Inrochtaineacht a choimeád, a fheabhsú agus a chinntiú maidir lenár n-acmhainní staire áitiúla agus cultúrtha trí phoiblíocht agus trí rannpháirteachas a mhéadú.
6. Ár mbailiúcháin dhigiteacha a leathnú, lena n-áirítear Cartlann Dhigiteach Chill Chainnigh, trí ábhar nua ábhartha a chur leo trí phlean digitithe a fhorbairt.
7. A chinntiú go mbaintear úsáid ghníomhach as ár spásanna chun lucht áitiúil na n-ealaíon agus tionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn.
8. A chinntiú go bhfreagraímid ar riachtanais pobal nua i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha.

Eolas agus Nuáil

Cur chuige nuálach a ghlacadh maidir le heolas a chruthú, a chomhroinnt, agus a úsáid i dtimpeallacht theicneolaíoch atá ag forbairt.

9. Nuáil a ghlacadh chugainn agus a bheith solúbtha agus freagrúil fós maidir le treochothaí atá ag teacht chun cinn i dtaca le faisnéis dhigiteach agus riachtanais úsáideoirí, agus méadracht agus PTFanna á measúnú go rialta.
10. Iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus ar smaointe nuálacha d'fhonn soláthar seirbhísí a fheabhsú inár leabharlanna agus inár bpobail, agus cláir Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Ealaíon agus Matamaitice (ETIAM) agus cláir priontála 3T agus Déantóra á méadú againn.
11. Nuáil agus comhroinnt eolais i measc na foirne a thacú.
12. Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun na nithe a chuirimid ar fáil a mhéadú agus ár gcáil a fheabhsú mar phríomhpháirtí.



Litearthacht agus Foghlaim

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna litearthachta lena n-áirítear scileanna praiticiúla, criticiúla agus digiteacha ar aon dul le héilimh atá ag méadú ar scileanna agus ar chumais.

1. Dúil sa léitheoireacht agus litearthacht a spreagadh, agus foghlaim ar feadh an tsaoil á cur chun cinn agus á cothú.
2. Leanúint leis an bpríomhról atá againn maidir le scileanna litearthachta traidisiúnta agus nua a fhorbairt.
3. Ár dtacaíocht a shíneadh dóibh siúd a bhfuil dúshlán rompu maidir le scileanna litearthachta digití agus leanúint leis an bpríomhról atá againn maidir leis an deighilt dhigiteach a mhaolú.
4. Cláir agus acmhainní scoile a fhorbairt, ag leanúint le tacaíocht a thabhairt d'oideoirí uile, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus d'ionaid na luathfhoghlama.
5. Leanúint lenár sraith seirbhísí ar líne a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Inbhuanaitheacht agus Inoiriúnaitheacht

Bearta inbhuanaitheachta agus inoiriúnaitheachta a chur i bhfeidhm d'fhonn seasmhacht fhadtéarma a chinntiú agus chun a chinntiú go bhfreastalaímid ar riachtanais an phobail go héifeachtúil.

1. Tacaíocht a thabhairt do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), ag cinntiú go ndéantar iad a chomhtháthú gan stró lenár n-oibríochtaí, agus rochtain a chur ar fáil ar acmhainní agus ar chláreagrú maidir le hinbhuanaitheacht.
2. Taighde a dhéanamh ar bhealaí nua chun ár scéal a insint agus chun teacht ar shruthanna maoinithe eile, trína ndéanfar cláir agus seirbhísí a mbeidh tionchar acu a fheabhsú agus a leathnú.
3. Leanúint le comhoibriú le páirtithe inmheánacha agus seachtracha chun tacaíochtaí a neartú, deiseanna a shainaithint agus a fhorbairt, agus ár dtionchar a mhéadú.
4. Ár seasmhacht a neartú go réamhghníomhach maidir le dúshlán a bheidh roimh an leabharlann amach anseo, mar shampla, trí Intleacht Shaorga (IS) a ghlacadh chugainn mar aon le bealaí nuálacha eile chun seirbhísí a sholáthar.
5. Iarracht a dhéanamh beart de réir briathair a dhéanamh maidir le cuspóirí, bearta agus tionscnaimh straitéiseacha náisiúnta amhail an Ceart chun Léamh, Scileanna don Saol agus Éire na Sláinte.
6. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt foirne, scileanna agus oiliúna, lena n-áirítear cur chuige straitéiseach maidir le pleanáil chomharbais don fhoireann atá sannta do phlean an fhórsa saothair, ag cinntiú go ndéanaimid ról chriticiúla a shainaithint agus go n-úsáidimid anailís ar bhearna scileanna chun oiliúint a chur chun cinn.



Feidhmiú agus Measúnú

Déanfar feidhmiú a chur chun cinn trínár bplean soláthair seirbhísí agus bearta san áireamh i bpleananna foirne uile. Leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais an phobail atá ag forbairt, agus freagairt a dhéanamh orthu agus iad a réamh-mheas, ar feadh amlíne an phlean seo.

Déanfaimid athbhreithniú rialta ar ár bplean forbartha chun dul chun cinn a mheasúnú, coigeartú a dhéanamh nuair is gá agus chun a chinntiú go dtacaítear le bearta lenár leithdháileadh acmhainní, agus ag díriú ar na nithe a leanas:

- Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTInna)
- Méadracht úsáide do sheirbhísí
- Aiseolas ó úsáideoirí
- Aiseolas ón bhfoireann

Déanfaimid monatóireacht agus measúnú ar éifeachtacht ár ndul chun cinn trí na tuairisceáin Rialtais Áitiúil chuig an gCoimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) agus trí na Tuairisceáin Staitistiúla Bhliantúla chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus trí mheicníochtaí tuairiscithe amhail Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, an Tuarascáil Bhliantúil, agus go díreach chuig ár nGrúpa Beartais Straitéisigh SPC 5: Pobal, Imeachadh, Cultúr, an Ghaeilge, Oidhreacht agus Seirbhísí Dóiteáin. SPC 5: Community, Integration, Cultural, Gaeilge, Heritage & Fire Services.

Déanfaimid meastóireacht iomlán ag deireadh na tréimhse soláthair atá beartaithe chun ár ndul chun cinn agus ár dtionchar a mheasúnú.



Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le daoine aonair, le grúpaí agus le heagraíochtaí uile a chuidigh lenár bpróiseas comhairliúcháin agus le hullmhúchán ár bplean. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don rannchuidiú agus don tacaíocht ónár gcomhaltaí tofa, ó bhaill SPC, ó Fhoireann Bhainistíochta na Comhairle Contae agus ó Fhoireann na Leabharlainne.

Táimid tógtha faoin spéis sa phlean seo agus faoin tacaíocht atá ann dó, agus táimid ag tnúth lena fheidhmiú ar feadh na cúig bliana le teacht.

Ullmhaíodh an plan seo ag Aisling Kelly, Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin i gcomhar le foireann Leabharlann Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

“Ní gnátháit ar bith í chun leabhair a fháil ar iasacht; is mol fáilteach, aigeanta í, ina dtagann cruthaitheacht, an fhoghlaim agus an pobal uile le chéile faoin aon díon amháin”

– Aiseolas ó Bhaill na Leabharlainne





Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council



Kilkenny County Council
Library Service